Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Eanáir 2025
(OR. en)

16459/24
PV CONS 62
EDUC 449
JEUN 285
CULT 128
AUDIO 114
SPORT 85

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt)

25 agus 26 Samhain 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15721/24. Arna iarraidh sin don Fhrainc, chomhaontaigh an Chomhairle mír eile 'aon ghnó eile' a chur le hathoscailt Ardeaglais Notre-Dame.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 15858/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 15860/24

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | **Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2025**<br>*Formheas*<br>Tar éis na Comhairle (ECOFIN/Buiséad) an 16.11.2024 | S C | 15788/24 + COR 1<br>+ ADD 1-4<br>+ ADD 5 REV 1<br>+ ADD 6<br>FIN |

D'fhormheas an Chomhairle an téacs comhpháirteach maidir le buiséad 2025 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn agus in aguisíní an téacs thuasluaite é, agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Ostair, an Danmhairg, an Fhionlainn agus an Ísiltír ag staonadh (Bunús dlí: Airteagal 314(5) CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 25 Samhain 2024**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

YOUTH

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Conclúidí maidir le deiseanna logdhomhandú a chur ar fáil do dhaoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta<br>*Formheas* | | 14905/24<br>+ **REV 1 (de, fi, hr, hu, it, lv, nl)**<br>+ ADD 1-2 |
| 4. | Rún maidir le torthaí an 10ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg<br>*Formheas* | | 14876/24<br>**+ REV 1 (de, fi, lv, nl)** |
| 5. | Rún maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2025-2027<br>*Formheas* | | 14903/24<br>**+ REV 1 (de, fi, it, nl)** |
| **6.** | **Na treochtaí déimeagrafacha atá ag teacht chun cinn lena múnlaítear deiseanna don aos óg faoin tuath**<br>*Díospóireacht bheartais* | 2 | 15031/24 |

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar pháipéar plé a d'ullmhaigh an uachtaránacht. Chuir na toscaireachtaí a n-imní in iúl maidir leis na dúshláin dhéimeagrafacha atá os comhair an Aontais Eorpaigh. Agus iad ag díriú ar riachtanais óige na tuaithe, chomhaontaigh siad leanúint de bheith ag obair ar bhearta trasearnála arb é is aidhm dóibh, i measc nithe eile, deiseanna oideachais agus oiliúna níos fearr, tithíocht inacmhainne, naisc fheabhsaithe iompair phoiblí agus idirlín agus rochtain ar chúram meabhairshláinte a bhaint amach.

OIDEACHAS

| | | | |
|---|---|---|---|
| 7. | Conclúidí maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha san oideachas agus san oiliúint<br>*Formheas* | | 15019/24<br>**+ REV 1 (fr, hr, hu, it, lv, ro, sv)** |
| 8. | Moladh ón gComhairle maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointí (b) agus (i), agus Airteagail 165(4) agus 166(4) CFAE)<br>*Glacadh* | C | 14906/24<br>**+ REV 1 (de, es, fr, hr, hu, ro, sk, sv)**<br>+ ADD 1-2 |

**9.** **Borradh a chur faoi scileanna a sheasfaidh an aimsir agus faoin iomaíochas tríd an ardoideachas** 15234/24 **+ REV 1 (sv)**
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar nóta faisnéise a d'ullmhaigh an uachtaránacht. Malartaíodh tuairimí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí borradh a chur faoi scileanna agus iomaíochas a sheasfaidh an aimsir tríd an gcéim Eorpach atá beartaithe agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tacú le hinstitiúidí ardoideachais Eorpacha chun a bheith ina n-innill lena spreagfaí iomaíochas an Aontais ar an leibhéal domhanda.

**Aon ghnó eile**

10. An Óige

(a) **Toradh an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh**[1]
*Faisnéis ón uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an uachtaránacht ar fáil.

(b) Clár oibre na huachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

Oideachas

(c) **Cruinniú Mullaigh Aireachta MED9 maidir le hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus don Aistriú Glas i Réigiún na Meánmhara (Limassol, an 27 Meitheamh 2024)** 15329/24
*Faisnéis ón gCipir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chipir ar fáil.

(d) Clár oibre na huachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

1 I láthair toscaire Ungárach de chuid an aosa óig agus ionadaí ó Fhóram Eorpach na nÓg.

**CRUINNIÚ DÉ MAIRT, AN 26 SAMHAIN 2024**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

SPÓRT

11. Conclúidí maidir le hoidhreacht bhuan mórimeachtaí spóirt a chothú — 14443/24 **+ REV 1 (es, fi, fr, hr, hu, lv, pl, sk, sl, sv) + REV 1 COR 1 (pl)** + ADD 1 **REV 2**
*Formheas*

**12. An ról atá ag na príomhghnéithe de Shamhail Eorpach Spóirt**[2] — F2 — 14826/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar nóta faisnéise a d'ullmhaigh an uachtaránacht. Díríodh sa phlé ar na gnéithe sin den tSamhail Spóirt Eorpach is fearr a chaomhnaíonn luachanna Eorpacha sa spórt (e.g. cuimsitheacht, comhionannas, dea-rialachas), ach freisin ar an ngá atá le dlúthpháirtíocht airgeadais níos fearr idir spórt gairmiúil agus spórt an phobail. Léiríodh sa díospóireacht tacaíocht leanúnach na mBallstát don tsamhail.

CULTÚR, CLOSAMHARC AGUS MEÁIN

13. Conclúidí maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú — 14757/24 **+ REV 1 (de, el, hu, lv, nl)**
*Formheas*

[2] I láthair Uachtarán UEFA.

**14. Ról na leabharlann i bhforbairt na litearthachta sna meáin** ⧉ 14733/24
*Díospóireacht bheartais* **+ REV 1 (hu)**

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite ar bhonn nóta cúlra a d'ullmhaigh an uachtaránacht agus i gcomhthéacs casta chur chun feidhme leanúnach roinnt píosaí reachtaíochta a bhaineann leis na meáin (EMFA, DSA, DMA, AVMSD, Gníomh IS) agus dúshláin atá ag teacht chun cinn i dtimpeallacht an Aontais agus na meán domhanda amhail bréagaisnéis, bagairtí hibrideacha, bréagnuacht agus teacht chun cinn na hintleachta saorga. Chuir na hairí chun suntais *inter alia* gur moil shóisialta agus chultúrtha iad leabharlanna a thacaíonn le hoideachas litearthachta sna meáin agus le foghlaim ar feadh an tsaoil; is foinse faisnéise iontaofa agus idirghníomhaíochta pobail iad; agus cuireann siad leis an gcuimsiú sóisialta agus le neartú ár ndaonlathas.

**Aon ghnó eile**

**15. An Spórt**

**a) An ghné Eorpach de Chluichí Pháras 2024 agus a n-oidhreacht bhuan san Eoraip** ⧉ 15286/24
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

**(b) An ghné Eorpach de Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa 2024 sa Ghearmáin** ⧉ 15287/24
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil.

(c) Clár oibre na huachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

**Cultúr, Closamharc agus Meáin**

**(d) Tacú le comhar agus cruthú ábhair in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ar leibhéal an Aontais** 15444/24
*Faisnéis ón mBulgáir, ón gCipir, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón nGréig, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ostair, ón tSeicia, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire faisnéis ón mBulgáir, ón gCipir, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón nGréig, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ostair, ón tSeicia, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic agus ón Spáinn.

**(e) Comhdháil ar Chearta Cultúir le linn Tréimhsí Géarchéime agus Dearbhú ó MED9 maidir le Cearta Cultúir (An Niocóis, an 16 Meán Fómhair 2024)** 15291/24
*Faisnéis ón gCipir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chipir ar fáil.

**(f) Príomhchathair Chultúir na hEorpa, 2029: Lublin** 15293/24
*Faisnéis ón bPolainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil.

**(g) Beartais na mBallstát lena gcuirtear éagsúlacht chultúir chun cinn sa Mhargadh Aonair Digiteach** 15295/24
*Faisnéis ón bhFrainc, ón nGréig, ón Iodáil agus ón Spáinn, le tacaíocht ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc, an Ghearmáin an Iodáil agus an Spáinn ar fáil.

**(h) Príomhchathracha Cultúir na hEorpa, 2025: Chemnitz agus Nova Gorica** 15297/24
*Faisnéis ón nGearmáin agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin agus an tSlóivéin ar fáil.

**(i) Neartú agus tacaíocht struchtúrach a thabhairt do thairiscintí agus d'ardáin meán Eorpach neamhspleách** 15298/24
*Faisnéis ón bhFrainc agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc agus an Ghearmáin ar fáil.

**(j)** **Toradh '*G7 Culture of Naples - Culture, common good of humanity, common responsibility*' [Cultúr Napoli G7 – Cultúr, leas coiteann an chine dhaonna agus an fhreagracht choiteann] (Napoli, an 19–21 Meán Fómhair 2024)** [2] 15640/24
*Faisnéis ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil.

(k) Athoscailt Ardeaglais Notre-Dame **16066/24**
*Faisnéis ón bhFrainc*

(l) Clár oibre na huachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 15860/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2025**<br>*Formheas*<br>Tar éis na Comhairle (ECOFIN/Buiséad) an 16.11.2024 |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFIONLAINN, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN tSUALAINN**

'Ba í caibidlíocht bhuiséadach bhliantúil na bliana seo an chéad chur i bhfeidhm den sásra cascáide a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i mí Feabhra 2024 i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar CAI. I gcás 2025, tá gá le 2.3 billiún euro breise chun an róchaiteachas a bhaineann leis na híocaíochtaí úis le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) a chumhdach.

Creidimid gur cheart buiséad an Aontais a bheith bunaithe ar phrionsabail bhuiséadacha fhónta, trí chorrlaigh leordhóthanacha a choinneáil agus trí ionstraimí speisialta a chosaint le haghaidh imthosca gan choinne. Chinn an Chomhairle Eorpach i mí Feabhra 2024 gur cheart thart ar 50 % den róchaiteachas a chumhdach le céim 2 den sásra; ath-imlonnuithe agus ionstraimí speisialta neamhthéamacha a úsáid. Tugtar aghaidh ar an róchaiteachas i gcás 2025 trí úsáid a bhaint as ionstraimí speisialta amháin, gan aon ath-imlonnuithe.

De réir mheastacháin an Choimisiúin, beidh an róchaiteachas i bhfad níos airde in 2026 agus 2027. Ba cheart an méid sin a chur san áireamh sa bhuiséad do 2025 trí mhéid níos airde a chumhdach trí chéim 2. Creidimid, dá bhrí sin, nach bhfuil an comhaontú atá ann faoi láthair maidir le buiséad an Aontais do 2025 i gcomhréir le prionsabal an bhuiséadaithe stuama.

Ar deireadh, áirítear sa chomhaontú maidir le buiséad 2025 méaduithe suntasacha ar an gcaiteachas riaracháin, chomh maith le méaduithe ar leibhéil foirne ar deacair iad a réiteach leis na réaltachtaí buiséadacha agus leis na bearta buiséadacha a rinneadh i roinnt mhaith Ballstát.'